| **Ceacht a Deich** | **Briathra Áisiúla** | **Abairtí** |
|---|---|---|
| **Lesson Ten** | **Useful Verbs** | **Phrases** |

| **Gaeilge** | **Béarla** |
|---|---|
| 1. **Ar ith** tú an císte? | Did you eat the cake? |
| 2. **D'ith**. D'ith mé ar maidin é. | Yes. I ate it in the morning. |
| 3. **Nár ith** tú an císte? | Didn't you eat the cake? |
| 4. **Níor ith**. D'ith Máire é. | No. Mary ate it. |
| 5. **Ar chuala** tú an scéal? | Did you hear the news? |
| 6. **Chuala**. Bhí an-áthas orm. | Yes. I was very happy. |
| 7. **Nár chuala** tú an scéal? | Didn't you hear the news? |
| 8. **Níor chuala**. Níor chuala mé faic. | No. I didn't hear anything. |
| 9. **Ar tháinig** tú abhaile go luath? | Did you come home early? |
| 10. **Tháinig**. Bhí tuirse orm. | Yes. I was tired. |
| 11. **Nár tháinig** tú abhaile go luath? | Didn't you come home early? |
| 12. **Níor tháinig**. D'fhan mé amuigh. | No. I stayed outside. |
| 13. **Ar thug** tú leat é? | Did you take it with you? |
| 14. **Thug**. Is maith liom go mór é. | Yes. I like it a lot. |
| 15. **Nár thug** tú leat é? | Didn't you take it with you? |
| 16. **Níor thug**. Ní maith liom é. | No. I don't like it. |
| 17. **An ndearna** tú an císte sin? | Did you make that cake? |
| 18. **Rinne**. Nach bhfuil sé blásta? | Yes. Isn't it tasty? |
| 19. **Nach ndearna** tú an císte sin? | Didn't you make that cake? |
| 20. **Ní dhearna**. Ní maith liom císte. | No. I don't like cake. |
| 21. **An ndeachaigh** tú abhaile? | Did you go home? |
| 22. **Chuaigh**. Bhí ocras orm. | Yes. I was hungry. |
| 23. **Nach ndeachaigh** tú abhaile? | Didn't you go home? |
| 24. **Ní dheachaigh**. D'fhan mé anseo. | No. I stayed here. |
| 25. **An bhfaca** tú mo mhadra? | Did you see my dog? |
| 26. **Chonaic**. Bhí sé sa ghairdín. | Yes. It was in the garden. |
| 27. **Nach bhfaca** tú mo mhadra? | Didn't you see my dog? |
| 28. **Ní fhaca**. Ní raibh sé anseo. | No. It wasn't here. |
| 29. **An bhfuair** tú mo litir? | Did you get my letter? |
| 30. **Fuair**. Fuair mé inné í. | Yes. I got it yesterday. |
| 31. **Nach bhfuair** tú mo litir? | Didn't you get my letter? |
| 32. **Ní bhfuair**. Ní raibh mé sa bhaile. | No. I wasn't at home. |
| 33. **An ndúirt** tú é sin le Seán? | Did you say that to Seán? |
| 34. **Dúirt**. Bhí fearg orm inné. | Yes. I was angry yesterday. |
| 35. **Nach ndúirt** tú é sin le Seán? | Didn't you say that to Seán? |
| 36. **Ní dúirt**. Ní dúirt mé faic leis. | No. I didn't say anything to him. |

| **Ceacht a Deich** | **Briathra Áisiúla** | **Comhráite** |
|---|---|---|
| **Lesson Ten** | **Useful Verbs** | **Conversations** |

| **Comhrá 1** | **Conversation 1** |
|---|---|
| A: An bhfaca tú Seán inniu? | Did you see John today? |
| B: Ní fhaca. Nár chuala tú an scéal? | No. Didn't you hear the news? |
| A: Níor chuala. Cén scéal? | No. What news? |
| B: Chuaigh sé go hÉirinn inné. | He went to Ireland yesterday. |
| A: Cár chuala tú é sin? | Where did you hear that? |
| B: Dúirt a mháthair liom é. | His mother told me. |

| **Comhrá 2** | **Conversation 2** |
|---|---|
| A: Cá ndeachaigh tú aréir? | Where did you go last night? |
| B: Chuaigh mé go hEncinitas. | I went to Encinitas. |
| A: Cad a rinne tú ansin? | What did you do there? |
| B: D'ith mé dinnéar le mo chara. | I ate dinner with my friend. |
| A: Cár ith sibh an dinnéar? | Where did you eat the dinner? |
| B: D'ith muid i mbialann é. | We ate it in a restaurant. |

| **Comhrá 3** | **Conversation 3** |
|---|---|
| A: An bhfuair tú mo litir? | Did you get my letter? |
| B: Fuair. Fuair mé inné í. | Yes. I got it yesterday. |
| A: An bhfuair tú aon rud eile? | Did you get anything else? |
| B: Fuair. Fuair mé bronntanas ó Thadhg. | Yes. I got a present from Tim. |
| A: An bhfuair tú cárta ó Shéamus? | Did you get a card from Jim? |
| B: Ní bhfuair. | No. |

| **Comhrá 4** | **Conversation 4** |
|---|---|
| A: Fuair mé albam nua inniu. | I got a new album today. |
| B: An bhfuair? An maith leat é? | Did you? Do you like it? |
| A: Is breá liom é. | I love it. |
| B: Ar thug tú leat é? | Did you bring it with you? |
| A: Thug. Seo duit. | Yes. Here it is. |
| Ar chuala tú riamh é? | Did you ever hear it? |
| B: Níor chuala go fóill. | I haven't yet. |